Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10779/24**

**SOC 431**
**EMPL 249**
**ECOFIN 649**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta<br>- *Formhuiniú* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Treoirphrionsabail Dheonacha thuasluaite d'fhonn go bhformhuineofar iad ag Comhairle EPSCO an 20 Meitheamh 2024.

**Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta**

## 1. Réamhrá

Tá na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i réimse an mhargaidh saothair, na scileanna agus na mbeartas sóisialta riachtanach chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus chun tacú le cóineasú sóisialta aníos agus chun rannchuidiú le fás cuimsitheach agus iomaíochas an Aontais a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna agus trí thacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus aghaidh á tabhairt ar an athrú déimeagrafach agus ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta ag an am céanna.

Tá gá le huirlisí láidre anailíseacha, sonraí iomchuí agus modheolaíochtaí láidre chun éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a thomhas. I ndáil leis an méid sin, agus d’fhonn tacú le hacmhainneacht riaracháin na mBallstát, d’fhormhuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an 11 Márta 2024 an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta lena n-áirítear an togra chun treoirphrionsabail agus caighdeáin a fhorbairt do Bhallstáit an Aontais le húsáid go deonach.[1]

Agus an plé a rinneadh le roinnt míonna anuas á mheas, cuirtear treoirphrionsabail dheonacha do Bhallstáit an Aontais i láthair in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo. D’fhéadfadh na treoirphrionsabail sin tacú leis na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta tacú leis an bhfás eacnamaíoch, agus aird á thabhairt ar a gcineál deonach. Tar éis léiriú gairid a thabhairt ar na bealaí tarchuir féideartha trína bhféadfadh na héifeachtaí eacnamaíocha sin teacht ar an bhfód, leagtar amach mionsonraí na dtreoirphrionsabal, chun comhthuiscint a fhorbairt lena húsáid go deonach ag na Ballstáit maidir leis an méid seo a leanas:

---

[1] Féach mír 17 de Thuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d’fhormhuinigh an Chomhairle an 11 Márta 2024.

- Cuir chuige mhodheolaíochta a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha sin;
- Na táscairí atá ar fáil agus an chaoi a bhféadfaí iad a fhorbairt;
- Socruithe staidrimh iomchuí, lena n-áirítear socruithe maidir le rochtain ar shonraí; agus
- Dea-chleachtais maidir le trédhearcacht agus scaipeadh.

Ní mór na treoirphrionsabail sin go léir do Bhallstáit an Aontais a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú ar bhonn rialta, cé go mbeartaítear gur de chineál deonach é sin.

**2. Éifeachtaí eacnamaíocha féideartha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta: bealaí tarchuir**

D'fhéadfadh éifeachtaí díreacha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta ar an bhfás eacnamaíoch teacht chun cinn trí bhealaí éagsúla, cuir i gcás feabhsú an chaipitil dhaonna, acmhainneacht bhreise nuála agus ionsúcháin, agus níos mó fostaíochta. D'fhéadfadh sé go n-eascródh coigilteas ar acmhainní poiblí sa todhchaí as na héifeachtaí sin (e.g., tríd an dífhostaíocht agus an neamhghníomhaíocht a laghdú, agus caiteachas níos ísle dá réir ar shochair shóisialta) agus go dtiocfadh ioncam cánach níos airde as (ó bhonn cánach níos leithne de bharr breis fostaíochta), a bhféadfadh éifeacht thairbhiúil a bheith acu ar an airgeadas poiblí agus ar inbhuanaitheacht fhioscach an chórais leasa shóisialta (sa bhreis ar an tionchar díreach a ghineann OTI níos airde) nuair is mó na héifeachtaí tairbhiúla ná na costais.

**Ar an gcaoi sin, léiríodh leis an bplé a rinneadh le déanaí sa choiste fostaíochta agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta[2] gur mór mar is féidir le beartais fhianaise-bhunaithe, mar shampla scileanna a neartú, an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus an t-eisiamh sóisialta a chosc, tacú le fás eacnamaíoch a bheidh níos láidre agus níos cuimsithí agus gur mó is féidir leo na leibhéil táirgiúlachta a ardú, i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh freisin, agus gur den ríthábhacht iad chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.** Ach aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus mímheaitseáil scileanna, tacú le haistrithe post agus an soláthar saothair a leathnú, gach seans gur tionchar dearfach a bheadh ag an méid sin.

[2] Féach Mír a 6 den Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 28 Samhain 2023.

Is féidir le foirmiú scileanna stoc agus cáilíocht an chaipitil dhaonna a fheabhsú agus, dá bhrí sin, tá sé ar cheann de phríomhspreagthaí an fháis eacnamaíoch[3]. Infheistíochtaí agus athchóirithe in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán, féadann siad fás eacnamaíoch agus táirgiúlacht a chothú[4], i measc cúiseanna eile, trí chomhoiriúnú níos fearr idir éileamh agus soláthar scileanna a áirithiú[5]. D'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha suntasacha a bheith ag bearta lena dtacaítear le rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin inacmhainne[6], lena n-áirítear trí bhonn fónta a chur ar fáil don fhoghlaim níos déanaí sa saol, trí thacú le comhionannas deiseanna do leanaí i riocht leochaileach agus trí rannpháirtíocht bhreise a bheith ag tuismitheoirí i margadh an tsaothair. D'fhéadfadh sé go n-imreodh uas-sciliú agus athsciliú an daonra fhásta, lena n-áirítear d'fhonn ganntanais scileanna a mhaolú agus ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[7], tionchar dearfach ar tháirgiúlacht agus ar fhás[8]. Go háirithe, is féidir le cláir oiliúna ghinearálta cuidiú le héileamh agus soláthar scileanna a mheaitseáil ar bhealach níos fearr, go háirithe tar éis do dhaoine dul isteach sa mhargadh saothair, agus is féidir le cláir ghairmoiliúna (deimhnithe) (bunaithe san ionad oibre nó bunaithe san ionad oibre agus ar scoil) a bheith éifeachtach chun an t-aistriú ón oideachas go dtí an obair a éascú.

---

[3] Barro, Sala-I-Martin, 2003.

[4] Tá taifead ar an tionchar dearfach ar an bhfás eacnamaíoch in ainneoin na gcostas a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cuid de na bearta sin (Gemell, Kneller, Sanz, 2016) agus taifeadh freisin ar éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh teacht ina dhiaidh sin (Card, Kluve, Weber, 2018).

[5] An Coimisiún Eorpach, 2022a; Thum-Thysen, Vandeplas, 2019; An Coimisiún Eorpach, 2019.

[6] Carneiro, Heckman, 2003.

[7] Féach Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04.

[8] Sekmokas et. al., 2020; ECFE, 2020; Card, Kluve, Weber, 2018.

Le seirbhísí poiblí fostaíochta (SPFanna) dea-fheidhmiúla agus éifeachtacha, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus bearta lena dtacaítear le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, féadtar feabhas a chur ar an bhfás eacnamaíoch trí éifeachtúlacht mhargadh an tsaothair a mhéadú, rud a éascaíonn iontráil agus aistrithe sa mhargadh saothair agus a mhaolaíonn na mímheaitseálacha agus na ganntanais scileanna ag an am céanna[9]. Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, féadann siad a bheith costéifeachtach san fhadtéarma, ach iad a bheith dea-dheartha, agus féadann roinnt acu a bheith féinmhaoinitheach[10]. Áirítear ar bhearta atá ábhartha i ndáil leis sin, mar shampla, iad siúd a bhaineann le cláir oiliúna a sholáthar agus tacaíocht éifeachtach a thabhairt do chuardaitheoirí poist, dreasachtaí fostaíochta agus réamhaisnéis scileanna, agus seirbhísí comhtháite fostaíochta agus sóisialta, chomh maith lena ndigiteáil[11]. Trí dheireadh a chur le dídhreasachtaí maidir le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, trí chórais chánach agus sochair a dhearadh ar bhealach níos fearr (e.g., an ding chánach a laghdú, go háirithe do dhaoine ar ioncam íseal, gan bac a chur ar an aistriú chuig poist a bhfuil pá níos airde ag gabháil leo, agus cánachas a dhíriú ar réimsí seachas an saothar), agus trí dhálaí oibre cothroma agus dea-oiriúnaithe a áirithiú (lena n-áirítear i ndáil le grúpaí sonracha, ar nós oibrithe scothaosta nó daoine faoi mhíchumas), is féidir éifeachtaí a sholáthar freisin i dtéarmaí fás eacnamaíoch níos fearr, de bharr an soláthar lucht saothair a bheith níos mó. Infheistíochtaí agus athchóirithe i sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH) chun daoine atá ag obair a choinneáil sláintiúil, féadann siad sin tionchar dearfach a imirt ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch freisin. Ar deireadh, is féidir le hathchóirithe lena laghdaítear deighilt mhargadh an tsaothair tacú le fás táirgiúlachta san fhadtéarma trí chostais shóisialta na ndífhostuithe a inmheánú agus trí na dreasachtaí a mhéadú do ghnólachtaí chun cleachtais oibre níos táirgiúla a ghlacadh agus d’fhostaithe chun infheistíocht a dhéanamh in oiliúint a bhaineann le poist[12].

9 Pissarides, 2010.
10 Brown, Koettl, 2012.
11 Ekkehard, Merola, Reljic, 2022.
12 ECFE, 2018.

Tá ról tábhachtach ag soláthar seirbhísí cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán (cúram leanaí agus cúram fadtéarmach) maidir le rannpháirtíocht daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu sa mhargadh saothair a chothú, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhfás eacnamaíoch freisin. Is féidir le seirbhísí cúraim ardcháilíochta tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt leanaí agus ar fholláine agus dínit faighteoirí cúraim; féadann siad rannchuidiú le comhionannas inscne agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus cruthú post a chur chun cinn. Léiríonn roinnt taighde a rinneadh le déanaí[13] gur féidir le hinfheistíochtaí i gcúram ranníocaíochtaí breise cánach agus slándála sóisialta a ghiniúint ó na poist a chruthaítear agus ó rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i margadh an tsaothair dá mbarr[14]. Is féidir le beartais dhea-cheaptha maidir le cuimsiú gníomhach lena gcomhcheanglaítear fostaíochta agus seirbhísí sóisialta a bheith ríthábhachtach freisin chun tacú le méadú na n-aistrithe chuig an bhfostaíocht. Trí chúram na n-othar seachtrach agus an cúram príomhúil a threisiú, trí aistriú ó chúram ospidéil, agus trí chomhordú agus comhtháthú foriomlán níos fearr ar chúram a áirithiú, is féidir gnóthachain agus coigilteas éifeachtúlachta a dhéanamh, rud a rachaidh chun tairbhe an airgeadais phoiblí, agus cáilíocht agus inrochtaineacht na seirbhísí á bhfeabhsú ag an am céanna.

---

[13] Tuarascáil ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) – *Care at work – Investing in care leave and services for a more gender equal world of work* [Cúram ag an obair – Infheistíocht a dhéanamh i saoire agus seirbhísí cúraim le haghaidh saol oibre níos cothroime ó thaobh inscne de], 2022.

[14] Tríd is tríd, thiocfadh méadú ar an ioncam cánach mar thoradh ar an méadú ar thuilleamh agus ar bhfostaíocht, rud a laghdódh riachtanas iomlán maoinithe do na bearta cúraim ó 3 faoin gcéad den OTI (roimh chánacha) go 2 faoin gcéad glan de OTI (tar éis cánacha). An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS). 2022. Insamhlóir Infheistíochta um Beartas Cúraim EIS (an Ghinéiv, le teacht).

D’ainneoin an dul chun cinn modheolaíochta a rinneadh le déanaí, tá dúshláin fós ag baint le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe tírshonracha, dúshláin ar cheart aghaidh a thabhairt orthu, agus dá bhféadfadh na treoirphrionsabail dheonacha seo do Bhallstáit an Aontais a bheith ina bhfoinse dea-chleachtas. Baineann na dúshláin sin leis an idirghníomhú idir gnéithe an deartha beartais agus athróga eile a bhfuil tionchar acu ar na héifeachtaí eacnamaíochta sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí náisiúnta, chomh maith leis na tionchair a léirítear thar thréimhsí ama éagsúla (níos faide le haghaidh bearta oideachais, mar shampla, i gcomparáid le bearta lena gcothaítear níos mó soláthar saothair go díreach). Braitheann éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar na cineálacha beartais atá i gceist agus ar dhearadh na mbeart sin, ach braitheann siad freisin ar ghnéithe comhthéacsúla (ó thaobh ama agus suímh de), chomh maith le beartais chomhuaineacha eile a bheith á gcur chun feidhme, ar gnéithe iad seo ar cheart a chur san áireamh freisin. Bíonn tionchar ag sineirgí agus comhlántachtaí idir bearta éagsúla chomh maith le seicheamhú na mbeartas ar na torthaí freisin agus tá sé ríthábhachtach go gcuirfí san áireamh iad[15].

[15] Mar shampla, i gcás tuismitheoirí leanaí i gcomhthéacs ina bhfuil na hiarrachtaí ECEC níos airde, léirítear gur mó an seans go n-aimseoidh siad post agus go gcoinneoidh siad é, ach tá an dóchúlacht sin níos airde ar bhealach substaintiúil i gcásanna inarb airde leibhéil náisiúnta na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair. Beidh staidéar a choimisiúnaigh Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar fáil go poiblí go luath ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Ollscoile Eorpaí. Ba iad Anton Hemerijck, Brian Burgoon, Daniel Fernandes, Annika Lehmus-Sun, Ilze Plavgo, agus Heta Poylio a d’ullmhaigh an staidéar.

**IARSCRÍBHINN 1**

**Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta**

### *1.1 Cineálacha cur chuige láidre modheolaíochta agus teicnící samhaltaithe*

Ba cheart go mbeadh an mheastóireacht ar éifeachtaí eacnamaíocha ag brath ar chineálacha éagsúla cur chuige modheolaíochta agus seiceálacha stóinseachta, ag brath ar na sonraí atá ar fáil, ar an tsaincheist atá i gceist agus ar chastacht an mheasúnaithe a bhreithnítear[16]. A bhuí le teicnící éagsúla, is féidir na costais agus na sochair a bhaineann leis an margadh saothair, le scileanna nó infheistíocht shóisialta ar leith nó athchóiriú ar an micrileibhéal agus ar na macraileibhéal a shainaithint a chainníochtú agus a mheasúnú. Cé gur féidir leis an measúnú ar chostais dhíreacha a bheith níos simplí i dtéarmaí caiteachas, ba cheart, a mhéid is féidir, na príomhbhealaí tarchurtha féideartha a chur san áireamh sa mheasúnú agus sa chainníochtú ar na tairbhí, go háirithe i dtéarmaí na n-éifeachtaí ar OTI, ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht (le tionchair ghaolmhara ar airgeadas poiblí), i.e. trí shamhail theoiriciúil lena mínítear an gaol idir infheistíochtaí agus athchóirithe agus a n-éifeachtaí eacnamaíocha. Ba cheart an méid a leanas a ionchorprú sna samhlacha teoiriciúla sin freisin: éifeachtaí aiseolais a d’fhéadfadh a bheith ann, éifeachtaí iompraíochta, chomh maith le himpleachtaí maicreacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann ar bhonn níos ginearálta (mar shampla impleachtaí a bhaineann le tionchar maicreacnamaíoch na modhanna maoiniúcháin atá faoi scrúdú, cuir i gcás méaduithe ar chánacha i gcomparáid leis an gcoigilteas ar chaiteachas). Thairis sin, is féidir le cineálacha cur chuige modheolaíochta a thugann léargas ar na hathruithe ar staid nó ar iompraíocht ar an leibhéal aonair eolas a thabhairt faoin gcaoi a bhforleathann na hathruithe sin tríd an gcóras. Ina theannta sin, ní éifeachtaí de chineál airgeadaíochta go díreach cuid acu (nó ní féidir luach airgid a chur orthu go héasca), cé gur féidir tionchar eacnamaíoch a bheith acu, agus ní féidir ach cuid acu a chainníochtú san fhadtéarma.

[16] Féach mar shampla an Coimisiún Eorpach, Al-Ajlani, H., Bubbico, A., Campana, C. et al., *Study on assessment of micro and macro-economic returns of social protection expenditure* [Staidéar ar mheasúnú ar thorthaí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha an chaiteachais ar chosaint shóisialta] – Tuarascáil Chríochnaitheach, *Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh*, 2024.

I measc na gcineálacha cur chuige modheolaíochta is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta, tá idir mhicrea-anailísí agus mhacra-anailísí, measúnuithe agus meastóireachtaí ex-ante, meántéarma agus ex-post. Braitheann rogha an chur chuige mhodheolaíoch ar thosca éagsúla, mar shampla an measúnú ex-ante nó ex-post atá i gceist, an cineál birt agus dearadh an bhirt, na príomhéifeachtaí leasa agus na sonraí atá ar fáil. Baineann buntáistí agus teorainneacha le gach cur chuige nach mór a chur san áireamh ar bhonn cás ar chás. Leagtar béim sa tábla thíos ar na príomhmhodhanna atá ar fáil[17], lena gcomhcheanglaítear teicnící meastóireachta ex ante agus ex-post mar aon le measúnuithe micrea-leibhéil (mar atá micrea-ionsamhlaithe, modhanna turgnamhacha agus cuasathurgnamhacha) agus teicnící macra-leibhéil (mar shampla modhanna bunaithe ar chúlchéimniú ex-post, chomh maith le samhaltú micrea-mhacró). I measc na gcineálacha cur chuige níos cothrománaí, déanann anailísí costais is tairbhe (CBA) iarracht costais agus sochair go háirithe a chur san áireamh i dtéarmaí airgeadaíochta[18]. Tá cur chuige comhlántach á thairiscint ag Measúnuithe Tionchair Dáilte (DIA), lena ndéantar measúnú ar an tionchar ar ioncaim grúpaí éagsúla agus lenar féidir idirdhealú réasúnta éasca a dhéanamh idir torthaí príobháideacha ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí (go hiondúil i dtéarmaí ioncam teaghlaigh níos airde) agus torthaí poiblí (go hiondúil i dtéarmaí ioncaim phoiblí níos airde agus caiteachas níos ísle). Tríd is tríd, bíonn na modhanna éagsúla dian i dtéarmaí ceanglas sonraí chun roinnt meastachán (gráinneach) a mhionsaothrú, chomh maith le castacht an chur chuige mhodheolaíoch is gá chun na bealaí éagsúla tarchuir agus uainiú an tionchair a chur san áireamh[19].

---

[17] Tá buntáistí agus teorainneacha na bpríomhmhodhanna atá ar fáil le fáil san iarscríbhinn.

[18] De ghnáth, ní bhíonn luach airgeadaíochta ag roinnt de na héifeachtaí, cé go ngintear tionchar eacnamaíoch fós.

[19] Trí, cuir i gcás, thurgnaimh iarbhír nó trí chineálacha éagsúla meastachán ex ante nó ex-post nó trí shamhaltú, nó trí mheastacháin ón litríocht acadúil go ginearálta.

**Tábla. 1 Tíopeolaíocht na bpríomhmhodhanna atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, scileanna agus beartais shóisialta**

| | **Ex-ante** | **Ex post** |
|---|---|---|
| **Micrileibhéal** | Samhlacha micrea-ionsamhlaithe, trialacha rialaithe randamaithe agus modhanna samhail-thurgnamhacha (má chuirtear chun feidhme iad mar phíolótaí) | Modhanna cuasach-thurgnamhacha (Scór Cúitimh a mheaitseáil. Difríocht idir difríochtaí, dearadh neamhleanúnachais cúlchéimnithe), trialacha rialaithe randamaithe, anailís sonraí fadama agus painéil (ag úsáid sonraí suirbhé nó riaracháin) |
| **Macra-leibhéal** | Samhaltú maicreacnamaíoch (lena n-áirítear maitrísí cuntasaíochta sóisialta nó samhlacha cothromaíochta ginearálta) | Meastóireacht ex-post (ar mhacraiathróga, lena n-áirítear trí shamhlacha cúlchéimnithe agus anailís teorann) |
| **An dá rud** | Anailís Costais agus Sochair, Anailís Costais-Éifeachtachta, Anailís ar Chinneadh Ilchritéar, Measúnú Tionchair Dáileacháin | |

Foinse: Nóta ón Uachtaránacht do chruinniú Chomhairle ECOFIN an 12 Márta le rannpháirtíocht na nAirí Fostaíochta agus Beartais Shóisialta.

Ina theannta sin, ba cheart a chur san áireamh go sainráite sa rogha maidir le tréimhse ama na meastóireachta ar éifeachtaí eacnamaíocha uainiú féideartha na dtionchar a bhfuiltear ag súil leo, ós rud é go bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí a thagann chun cinn cheana féin sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus i gcás éifeachtaí eile, ní bheidh siad le feiceáil ach san fhadtéarma. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí leis sin freisin cineálacha éagsúla teicnící samhaltaithe a úsáid, i gcás inarb ábhartha, chun na héifeachtaí a ghabháil thar na tréimhsí ama éagsúla. Ar ndóigh, tá sé níos tábhachtaí breithniú a dhéanamh ar uainiú na n-éifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ionas nach dtiocfar ar chonclúidí míthreoracha ón samhaltú (ar feadh na línte nach n-eascraíonn éifeachtaí suntasacha eacnamaíocha as athchóiriú nó infheistíocht áirithe toisc nach bhfuil tréimhse ama na hanailíse leagtha amach i gceart).

Cé nach féidir le samhail ar bith na gnéithe sin go léir a chur san áireamh ag an am céanna, tá sé tábhachtach go mbeadh na roghanna maidir le toimhdí agus cur chuige modheolaíochta (a úsáidtear go cothrom ar bhealach comhlántach) bunaithe ar anailís eolasach ar na buntáistí agus na míbhuntáistí. Ba cheart plé níos cáilíochtúla ar na torthaí a fhaightear a bheith ag gabháil leis an measúnú cainníochtúil freisin, ar plé é lena dtugtar cuntas ar na toimhdí a rinneadh agus lena bhforbraítear freisin an comhthéacs sonrach a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt (cuir i gcás, mar shampla, paraiméadair a úsáidtear a d'fhéadfadh a bheith sonrach don chomhthéacs freisin).

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

Modheolaíocht láidir thrédhearcach a roghnú chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar bhonn eolasach agus, b'fhéidir, cineálacha cur chuige modheolaíochta fónta éagsúla a chur le chéile chun cros-seiceáil agus torthaí a cháiliú;

- An cur chuige modheolaíochta a fhorbairt a thuilleadh trí bheith ag brath ar theicnící níos forbartha (e.g. lena n-ionchorpraítear freagairtí iompraíochta agus/nó lúba aiseolais mhaicreacnamaíoch) agus uainiú na meastóireachta a roghnú chun an t-uainiú a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh na héifeachtaí chun cinn a chur san áireamh (a bhaineann le tionchair ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha);

- Anailís chainníochtúil a chomhlánú le hanailís íogaireachta ar phríomhpharaiméadair agus le hanailís cháilíochtúil (e.g. gurb ionann í agus na toimhdí a rinneadh san anailís agus don chomhthéacs sonrach).

### *1.2 Uainiú ábhartha chun an mheastóireacht a dhéanamh*

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus na mbeartas sóisialta roimh chur chun feidhme an bhirt ábhartha agus ina dhiaidh. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnú tionchair a ullmhú ex ante, i.e. le linn dhearadh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe, chun éifeachtaí na mbeartas atá beartaithe a thomhas agus chun cur le dearadh an bheartais. Le hanailísí iar-chur chun feidhme, is féidir meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe ar feadh tréimhse áirithe ama tar éis chur chun feidhme an bhirt. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le céimeanna nó ceartúcháin bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorbairt. Cuidíonn anailísí inchreidte iar-chur chun feidhme go mór le húinéireacht agus cáilíocht dhearadh beartais breise a áirithiú. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach pleananna le haghaidh meastóireachtaí iontaofa a ionchorprú cheana féin le linn chéim deartha idirghabhála, go háirithe agus modhanna turgnamhacha á n-úsáid mar shampla trialacha rialaithe randamaithe ar féidir leo a reáchtáil ag an am céanna le hidirghabháil a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is féidir le meastóireachtaí meántéarmacha rannchuidiú le hidirghabhálacha a chalabrú, go háirithe nuair a mheastar go dtiocfaidh torthaí astu san fhadtéarma.

Leis an gcreat ama chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, ba cheart an t-am is gá chun éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a léiriú a chur san áireamh a mhéid is féidir ó thaobh na teoirice, na modheolaíochta agus na sonraí de. Go hidéalach, ba cheart go ndíreodh an measúnú ar thionchar na mbeart ar thorthaí le linn an chur chun feidhme (nó go luath ina dhiaidh sin, e.g., sa bhliain dár gcionn) agus san fhadtéarma (e.g. peirspictíocht ilbhliantúil a ghlacadh de réir mar is ábhartha). Tá measúnú meántéarma tábhachtach freisin chun gur féidir lochtanna a d'fhéadfadh a bheith ann a cheartú go luath le linn chéim an chur chun feidhme. Ag an am céanna, bíonn tionchar ag roinnt beartas thar thréimhse ama níos faide (mar shampla an tionchar a bhíonn ag cúram leanaí ar fhorbairt leanaí) nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh tionchar an-mhór acu in aon bhliain amháin, ach bíonn tionchar níos airde acu go carnach (mar shampla cosc ar chúram sláinte). Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé go n-éileodh an measúnú dearcadh níos fadtéarmaí chun tionchar iomlán an bhirt atá á mheasúnú a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin peirspictíocht ilbhliantúil a ghlacadh nuair a bhaineann bearta le treochtaí fadtéarmacha mar shampla an t-athrú déimeagrafach (mar shampla, a bhaineann le hathchóirithe cúraim fhadtéarmaigh).

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

- Measúnuithe ex ante ar éifeachtaí a dhéanamh go córasach agus bearta ábhartha á gceapadh agus sula gcuirfear chun feidhme iad;

- Meastóireachtaí meántéarmacha agus ex-post a dhéanamh go córasach le linn an chur chun feidhme agus ina dhiaidh, chun aiseolas a thabhairt d'fhorbairt beartas;

- Peirspictíocht ilbhliantúil a ghlacadh do bheartais a bhfuiltear ag súil go mbeidh éifeacht iomlán acu thar thréimhse níos faide agus idirdhealú a dhéanamh idir costais/sochair aonuaire agus athfhillteacha.

### *1.3 Sineirgí agus comhlántachtaí idir beartais a chur san áireamh sa chur chuige modheolaíochta*

Is féidir comhlántachtaí beartais a léiriú mar athneartuithe frithpháirteacha ar thorthaí inmhianaithe, lena n-áirítear i dtéarmaí éifeachtaí eacnamaíocha. I ndáil leis sin, mar shampla, fónann athchóirithe agus infheistíochtaí agus beartais cosanta sóisialta d'fheidhmeanna comhlántacha beartais, ar cheart iad a chur san áireamh a mhéid is féidir agus meastóireacht á déanamh ar bheartais[20]. Mar shampla, is féidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) ar ardchaighdeán rannchuidiú le gnóthachtáil oideachais níos airde, agus ar deireadh fostaíocht ardcháilíochta agus níos táirgiúla a bheith mar thoradh air, agus ar an gcaoi sin beartais dhíreacha maidir leis an margadh saothair a chomhlánú. Léiríonn an fhianaise a fuarthas le déanaí freisin, mar shampla, cé go bhfuil baint dhearfach ag iarrachtaí ALMP ar an leibhéal náisiúnta le fostaíocht níos airde, is iondúil go méadaíonn an dóchúlacht go bhfostófar iad go suntasach le hiarrachtaí náisiúnta maidir le soláthar poiblí ECEC, rud a fhágann gur féidir fostaíocht a chomhcheangal le dualgais teaghlaigh. Chomh maith leis sin, is féidir tionchar dearfach níos láidre a bheith ag beartais ECEC ar an bhfostaíocht nuair a bhíonn tuilleadh tacaíochta ag gabháil leo trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair[21].

---

[20] Féach Hemerijck, Anton, Stefano Ronchi, agus Ilze Plavgo. '*Social investment as a conceptual framework for analysing well-being returns and reforms in 21st century welfare states*.' [Infheistíocht shóisialta mar chreat coincheapúil chun anailís a dhéanamh ar fhilleadh agus athchóirithe na dea-bhaile i stáit leasa an 21ú haois.] Athbhreithniú Socheacnamaíoch 21.1 (2023): 479-500.

[21] Féach mar shampla Hemerijck et al. (ar na bacáin).

Is dea-chleachtas é meastóireacht a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar éifeachtaí birt shonraigh agus idirghníomhaíochtaí le beartais ghaolmhara eile á gcur san áireamh freisin (i gcomhar idir na réimsí earnálacha éagsúla atá freagrach as na bearta/beartas), chun na hidirghníomhaíochtaí sin a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, agus na hamchláir éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann d'éifeachtaí na mbeart éagsúil a chur san áireamh freisin. Tá sé sin níos tábhachtaí fós i gcomhthéacs an phróisis bhuiséadaigh bhliantúil, ina ndéantar beartais éagsúla a chinneadh go minic mar phacáiste.

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

- Anailís a dhéanamh ar thionchar beart aonair agus, más féidir, ar chomhéifeachtaí beartas gaolmhar;
- Machnamh a dhéanamh ar an meascán foriomlán beartais chun na héifeachtaí dearfacha a uasmhéadú agus chun an baol go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag bearta aonair a íoslaghdú;
- Tréimhsí ama éagsúla a chur san áireamh maidir le héifeachtaí beartas éagsúil ach comhlántach.

### *1.4 Úsáid na dtáscairí agus forbairtí breise a d'fhéadfadh a bheith ann*

Trí úsáid a bhaint as méadracht fhónta agus, nuair is féidir, is féidir comparáid níos fearr a dhéanamh idir na torthaí agus measúnú a dhéanamh ar thionchair beart nua nó beart atá á moladh trí mhéadracht choiteann. Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, ba cheart don mheasúnú an tionchar ar fhás OTI a thomhas, trí tháirgiúlacht agus fostaíocht.

Ag an am céanna, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar bhearta maidir le torthaí ábhartha an mhargaidh saothair agus sóisialta (mar shampla, dífhostaíocht, neamhghníomhaíocht, laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, ioncaim teaghlach, neamhionannais ioncaim, pá de réir mar is ábhartha don bheart sonrach atá i gceist), chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn siad maidir le cuspóirí sóisialta a bhaint amach ag an am céanna. Baineann formhór na ngnéithe sin le táscairí a úsáidtear cheana mar chuid d'uirlisí seanbhunaithe faireacháin agus anailíseacha sa Seimeastar Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar na Treoirlínte Fostaíochta, agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta atá leabaithe iontu. Is iad sin go háirithe an Scórchlár Sóisialta, agus freisin an Creat Measúnaithe Comhpháirteach níos leithne a d'fhorbair EMCO agus SPC.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach leor i gcónaí na táscairí atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar thionchair an mhargaidh saothair, na scileanna agus na mbeartas sóisialta toisc go bhféadfadh sé nach mbeidís sonrach/mionsonrach go leor, nó nach n-éireodh leo príomhéifeachtaí an bheartais a léiriú, nó aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le táscairí clár-shonracha nua a fhorbairt agus sonraí a bhailiú maidir le rannpháirtithe chun measúnú ceart a dhéanamh ar thionchar cláir nua. Go ginearálta, nuair is féidir, ba cheart go gcuirfeadh na méadrachtaí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart le samhlacha macrai-eacnaiméadracha a bheadh in ann na torthaí (e.g. forbairtí pá a bhfuiltear ag súil leo, fás fostaíochta, méaduithe ar líon na n-uaireanta a oibríodh ar an meán, etc.) a aistriú go fás OTI.

Ar an iomlán, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar ghrúpaí sonracha sa daonra arna ndifreáil, mar shampla, de réir aoise, inscne, stádas mhargadh an tsaothair, leibhéal oideachais agus leibhéil ioncaim nó cineál teaghlaigh (mar shampla, teaghlaigh in aois oibre, teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus nach bhfuil leanaí acu, daoine fásta aonair, agus lánúineacha). D'fhéadfadh anailísí eile a bheith ábhartha, ar nós iad siúd a dhíríonn ar dhaoine ó chúlra imirceach, ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar aon ghrúpa eile faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le grúpaí arna ndifreáil de réir leibhéal an uirbithe nó an réigiúin, ag brath ar shainchúram an bhirt atá le measúnú.

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

- Éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chur i láthair maidir leis an tionchar atá acu ar fhás OTI, mar aon lena dtionchar ar phríomhtháscairí ábhartha an mhargaidh saothair agus ar phríomhtháscairí ábhartha sóisialta; a mhéid is féidir, na torthaí a chur i láthair maidir le torthaí mhargadh an tsaothair agus torthaí sóisialta arna miondealú de réir grúpaí ábhartha (aois, inscne, grúpaí socheacnamaíocha sonracha);

- Ba cheart na táscairí a úsáidtear a shainiú go soiléir agus ba cheart iad a bheith nasctha go dlúth le spriocanna an athchóirithe nó na hinfheistíochta; a mhéid is féidir, ba cheart dóibh critéir cháilíochta eile a chomhlíonadh freisin, mar shampla a bheith réidh lena n-úsáid, inrochtana agus trédhearcach, tráthúil agus láidir;

- Ba cheart na táscairí a bheith inúsáidte, a mhéid is féidir, mar ionchuir le haghaidh samhlacha ionsamhlúcháin maicreacnamaíocha;

- Minicíocht an tsoláthair sonraí a shonrú;

- Freagrachtaí soiléire a shannadh maidir le sonraí a bhainistiú, a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus maidir le measúnú cáilíochta; fóntacht agus iontaofacht na modhanna agus na n-ionstraimí atá beartaithe chun na sonraí a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a bhailíochtú a áirithiú.

### *1.5 Socruithe staidrimh agus rochtain ar shonraí le haghaidh meastóireachtaí fónta ex ante agus ex post*

Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimse mhargadh an tsaothair, na scileanna agus na mbeartas sóisialta, tá rochtain ar shonraí ardcháilíochta, láidre agus tráthúla ríthábhachtach. Go deimhin, tá féidearthacht, cruinneas agus cáilíocht na dtorthaí a chuirtear ar fáil leis na huirlisí measúnaithe éagsúla atá ar fáil (cibé acu macraimheasúnú nó micrimheasúnú iad, *ex-ante* nó *ex-post*) ag brath den chuid is mó ar na sonraí atá ar fáil. Tá ról ríthábhachtach ag sonraí maidir le modhanna faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta agus a úsáid.

Ar thaobh amháin, is iondúil go dtugann sonraí suirbhé cumhdach fairsing ar theaghlaigh, ar a gcomhdhéanamh agus ar a saintréithe socheacnamaíocha agus go gceadaíonn siad faisnéis shonrach a áireamh, chomh maith le hinchomparáideacht trastíre a áirithiú agus tagairt á déanamh do shuirbhéanna uile-Aontais (SFS, EU-SILC). Mar sin féin, bíonn siad ar fáil de ghnáth le haga moille, is féidir méideanna samplacha beaga a bheith acu agus, dá bhrí sin, ní léiríonn siad go hiomlán gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an daonra atá ag eireabaill an dáilte ioncaim chomh maith le grúpaí mionlaigh nó réigiúin mhionlaigh eile lasmuigh de leibhéal NUTS II.

Ar an taobh eile, tá sonraí riaracháin réasúnta costéifeachtach toisc go mbailíonn riaracháin phoiblí iad go rialta. Cuidíonn siad le hearráidí tomhais a laghdú, soláthraíonn siad cumhdach cuimsitheach ar an daonra, agus is féidir leo dáileadh iomlán an ioncaim a ghabháil go héifeachtach. Nuair is gá, ceadaítear samplaí níos mó leo, rud a fhágann gur féidir anailís a dhéanamh ar chatagóirí daonra níos lú agus bearta níos mionsonraithe a dhéanamh. Mar sin féin, is minic a bhíonn cumhdach teoranta acu ar an eireaball íochtair agus is féidir leo dúshláin a chruthú maidir le teaghlaigh agus a saintréithe a shainaithint. Ina theannta sin, bailítear iad de ghnáth chun críche riaracháin agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh faisnéis bhunriachtanach acu chun anailís atá fónta ó thaobh na modheolaíochta agus na teoirice de a dhéanamh. Uaireanta bíonn gá freisin le comhaontuithe/formheasanna a fháil idir institiúidí éagsúla chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí.

Chun anailís chuimsitheach ar thionchair a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach sampla suntasach agus ionadaíoch a úsáid a chuimsíonn na comhpháirteanna riachtanacha go léir de na beartais atá á scrúdú. Chun na críche sin, is minic gurb é an réiteach is fearr sonraí suirbhé agus sonraí riaracháin a chomhcheangal le haghaidh measúnuithe tionchair beartais. Go háirithe, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfuil creat i bhfeidhm chun rochtain ar shonraí riaracháin a éascú.

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

- I ngach cás inar féidir, úsáid a bhaint as staidreamh comhchuibhithe an Aontais atá ar fáil trí EUROSTAT;
- Ag brath ar an gcur chuige meastóireachta a roghnaítear chomh maith leis an tionchar a bhfuil measúnú le déanamh air, ba cheart sonraí suirbhé agus sonraí riaracháin, chomh maith le foinsí éagsúla sonraí riaracháin, a mheas agus a chomhcheangal de réir mar is gá;
- Cur chuige fónta a bhunú chun rochtain a fháil ar shonraí, go háirithe sonraí riaracháin, agus tá sé ríthábhachtach na caighdeáin lena n-úsáid a leagan síos chun measúnuithe agus meastóireachtaí fóinteacha ar bheartais chainníochtúla a éascú;
- Agus sonraí pearsanta á n-úsáid le haghaidh meastóireachtaí, a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le cosaint sonraí[22];
- Creataí institiúideacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú chun comhroinnt sonraí le meastóirí agus le taighdeoirí a éascú, lena n-áirítear d'fhonn macasamhlú anailísí meastóireachta a cheadú;
- Idir-inoibritheacht na gcóras TF a áirithiú i measc riaracháin phoiblí; a áirithiú go mbailítear sonraí maidir le haitheantóir uathúil (e.g. cód pearsanta; cód slándála sóisialta) chun gur féidir na sonraí a nascadh le bunachair sonraí eile.

[22] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Luaitear in RGCS go bhfuil gá le bunús dlí bailí chun aon phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, lena léirítear sé chás fhéideartha (Airteagal 6(1)). Ina measc sin, is cosúil go bhfuil 'oibleagáid dhlíthiúil' nó 'leas an phobail' an-oiriúnach chun críoch meastóireachta. Ba cheart na bunúis dlí sin a leagan síos sa dlí. Ceadaítear le RGCS freisin go bhféadfaí na sonraí atá ann cheana a athúsáid bunaithe ar an mbunús dlí bunaidh má tá an athúsáid comhoiriúnach leis an gcuspóir bunaidh na sonraí riaracháin sin a phróiseáil (Airteagal 6(4) RGCS).

### *1.6 Táirgí insoláthartha a d'fhéadfadh a bheith ann agus trédhearcacht/scaipeadh*

Le táirgí insoláthartha, ba cheart go mbeifí in ann an phríomhtheachtaireacht a scaipeadh agus an tionchar ar phríomhtháscairí eacnamaíocha agus sóisialta a chur in iúl. Ba cheart straitéis a bheith ag gabháil leis an measúnú ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí mhargadh an tsaothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta. Is féidir leis cuidiú leis an bhformáid don scaipeadh a shainaithint (ar nós tuarascáil ghearr ina gcuirtear i láthair na príomhthorthaí agus an cur chuige a úsáideadh don mheasúnú), an tráth oiriúnach don scaipeadh (ar nós an tráth a bhaineann leis an mbliain airgeadais), an pobal a shainaithint (lucht ceaptha beartas, lucht léinn, na meáin, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) agus an próiseas a eagrú ar bhealach trédhearcach.

Tá sé úsáideach freisin machnamh a dhéanamh ar roinnt rialuithe agus caighdeán cáilíochta a bhunú chun tacú le hinchreidteacht an phróisis. Is féidir é sin a bhaint amach trí thuairisc shoiléir ar an gcur chuige a úsáidtear sna táirgí insoláthartha, lena n-áirítear toimhdí a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le cásanna bonnlíne agus malartacha agus aon difríocht sna torthaí a mhíniú. Ina theannta sin, is féidir an cur chuige a neartú trí athbhreithnithe ó shaineolaithe neamhspleácha a áirithiú.

***Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhghnéithe faoin treoirphrionsabal sin:***

– Straitéis scaipthe a fhorbairt maidir leis na príomhthorthaí;

– Na príomhthorthaí a scaipeadh go poiblí, i bhfoirm shimplithe freisin don phobal i gcoitinne;

– Creidiúnacht a bhunú trí thrédhearcacht a áirithiú maidir leis an gcur chuige modheolaíochta a úsáidtear, maidir le hathbhreithnithe ó shaineolaithe neamhspleácha nuair is féidir, agus maidir le meastóireachtaí *ex post*.

**Tábla achomair de threoirphrionsabail dheonacha le haghaidh Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta**

| Gnéithe | Leibhéal 1 – Riachtanach | Leibhéal 2 – Forbartha | Leibhéal 3 - Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **1. Cineálacha cur chuige modheolaíochta agus teicnící samhaltaithe** | Measúnuithe tionchair *ex ante* chun torthaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a ghabháil trí éifeachtaí fostaíochta agus táirgiúlachta (mar shampla trí shamhaltú simplí ina ndéantar iniúchadh ar chomhchoibhneas, e.g. samhlacha cúlchéimnithe simplí agus measúnuithe ar thionchar dáileach). | Measúnuithe *ex ante* agus *ex post* chun torthaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a ghabháil trí shamhaltú níos casta (lena n-áirítear, mar shampla, measúnuithe ar thionchar dáileach nó samhlacha maicreacnamaíocha) agus, a mhéid is féidir, lúba aiseolais, freagairtí iompraíochta, éifeachtaí indíreacha ar éileamh/soláthar an mhargaidh saothair, agus tionchair mhaoiniúcháin a leabú. | Measúnuithe *ex ante* ar thorthaí eacnamaíocha athchóirithe agus infheistíochtaí trí shamhlacha maicreacnamaíocha casta; meastóireachtaí tionchair trí mhodhanna frithfhíorasacha (e.g. difríocht i ndifríocht, scór claonta a mheaitseáil, dearadh neamhchoinneálach maidir le rialáil) nó modhanna turgnamhacha (e.g. trialacha rialaithe randamacha) ina mbíonn éifeachtaí cúisíocha ar féidir iad a chomhcheangal le measúnuithe ar thionchar dáileach freisin. Anailís costais is tairbhe chasta (e.g. torthaí sóisialta modhnaithe, seachtrachtaí diúltacha).<br><br>Meastar meastóireachtaí *in itinere*/meántéarma freisin le haghaidh athchóirithe fadtéarmacha agus cláir chaiteachais chun aiseolas ceart beartais a cheadú le linn an phróisis. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2. Tréimhse ama na meastóireachta ar thorthaí eacnamaíocha** | Tréimhse ama na meastóireachta curtha in oiriúint don uainiú faoina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh tionchair ***dhíreacha*** an bhirt a scrúdaíodh chun cinn, trí fhostaíocht agus trí tháirgiúlacht. | Tréimhse ama na meastóireachta curtha in oiriúint chun tionchair fhadtéarmacha an bhirt a scrúdaíodh a chur san áireamh freisin, agus éifeachtaí indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh freisin trí lúba aiseolais simplí agus éifeachtaí indíreacha a shamhaltú. | Tréimhse ama na meastóireachta curtha in oiriúint chun torthaí eacnamaíocha níos fadtéarmaí maidir leis an mbeart a scrúdaíodh a chur san áireamh freisin, agus éifeachtaí indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh freisin trí lúba aiseolais casta, éifeachtaí indíreacha agus iompraíochta a shamhaltú. |
| **3. Sineirgí agus comhlántachtaí a chur san áireamh sa chur chuige modheolaíochta** | | Meastóireacht agus measúnú sonrach ar na príomh-idirghníomhaíochtaí ar fud na mbeart trí shamhaltú níos simplí. | Idirghníomhaíochtaí atá leabaithe go hiomlán ar fud na mbeart i samhaltú níos casta. |
| **4. Úsáid na dtáscairí agus forbairtí breise a d'fhéadfadh a bheith ann** | Measúnú déanta ar thionchar an bhirt a scrúdaíodh bunaithe ar phríomhtháscairí comhiomlána agus ar na príomh-mhiondealuithe. | Measúnú breise déanta ar thionchar an bhirt a scrúdaíodh i ndáil leis na miondealuithe ábhartha uile atá ar fáil. | Gnéithe breise curtha ar fáil maidir le tionchar an bhirt a scrúdaíodh ar chaiteachas poiblí agus ar ioncam.<br><br>Tionchair eile measta a bhaineann leis an mbeartas nó leis an infheistíocht, tionchair a d'fhéadfadh a bheith bunaithe freisin ar shonraí riaracháin agus a d'fhéadfaí a chomhlánú le staidreamh turgnamhach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5. Socruithe staidrimh agus rochtain ar shonraí** | Spleáchas ar shonraí atá bunaithe ar shuirbhé (ar an micrileibhéal agus ar an leibhéal comhiomlán araon). | Spleáchas ar shonraí suirbhéireachta agus ar shonraí riaracháin (ní gá go mbeadh siad comhcheangailte). Úsáid sonraí riaracháin a áirithiú (e.g. rochtain idir-riaracháin ar shonraí riaracháin chun críocha meastóireachta) i gcomhréir iomlán le RGCS. | Meascán de shonraí suirbhé agus riaracháin de réir mar is gá (e.g. trí theicnící meaitseála).<br><br>Idir-inoibritheacht na gcóras sonraí ar fud an lucht riaracháin agus rochtain ar shonraí riaracháin, i gcomhréir iomlán le RGCS. |
| **6. Táirgí insoláthartha a d'fhéadfadh a bheith ann agus trédhearcacht/scaipead h** | Príomhthorthaí an mheasúnaithe curtha ar fáil go poiblí. | Príomhthorthaí an mheasúnaithe curtha ar fáil go poiblí (ar leibhéal comhiomlán), in éineacht le hathbhreithniú ó shaineolaithe neamhspleácha.<br><br>Stórtha a úsáid chun torthaí atá ar fáil a stóráil de réir téama, réigiúin, etc. | Plean scaipthe bunaithe ar fhéilire pleanáilte i gcomhréir leis an timthriall beartais, agus príomhthorthaí an mheasúnaithe curtha ar fáil go poiblí (ar leibhéal comhiomlán).<br><br>Spleáchas ar athbhreithniú ó shaineolaithe neamhspleácha agus iarscríbhinní modheolaíochta lenar féidir an anailís a mhacasamhlú (e.g. le sonraí samhailteacha, b'fhéidir).<br><br>Ardáin idirghníomhacha a úsáid chun torthaí a chur i láthair de réir téama, réigiúin, etc. |